## CINNEADH Ó CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**an 25 Aibreán 2005**

**maidir le Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin a ligean isteach san Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 49 de,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún ([1]),

Ag féachaint d'aontú Pharlaimint na hEorpa ([2]),

De bhrí go bhfuil Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin tar éis iarratas a dhéanamh chun bheith ina gcomhaltaí den Aontas Eorpach,

TAR ÉIS A CHINNEADH:

glacadh leis na hiarratais sin ar ligean isteach; beidh na coinníollacha ligin isteach agus na hoiriúnuithe ar na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe is gá de thoradh an ligin isteach sin ina n-ábhar do chomhaontú idir na Ballstáit, Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Aibreán 2005.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ASSELBORN

---

([1]) Tuairim arna heisiúint an 22 Feabhra 2005 (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Aontú arna thabhairt an 13 Aibreán 2005 (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil).